Eolas faoi na hacmhainní oideachais

Eolas faoi na hacmhainní oideachais

Chruthaigh Fiontar (DCU), i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta), na hacmhainní oideachais seo. Cuirtear ar fáil iad mar áis do mhúinteoirí agus do dhaltaí san iar-bhunscoil agus do dhuine ar bith a mbeadh spéis aige san ábhar. Tá siad dírithe ar dhaltaí san idirbhliain ach is féidir leas a bhaint astu ag leibhéil eile. Bheadh codanna den ábhar oiriúnach ar an tríú leibhéal freisin.

Cuid lárnach d'oidhreacht na hÉireann is ea na logainmneacha. Tá súil againn mar sin go spreagfaidh na hacmhainní seo spéis san ábhar. Tá na hacmhainní i nGaeilge agus is féidir iad a phriontáil. Oireann siad do cheantar ar bith sa tír. Tá siad deartha sa chaoi is go bhféadfadh múinteoirí ranga iad a chur in oiriúint dá gceantar féin.

Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil:

- 10 n-aonad teagaisc, ceann amháin mar réamhrá don ábhar agus 8 gcinn bunaithe ar théamaí éagsúla. Tá alt eolais agus ceachtanna ag gabháil le gach aonad
- Tá freagraí na gceachtanna ar fáil do mhúinteoirí ach iarratas a chur chuig logainm@dcu.ie
- Tráth na gceist
- Paca acmhainní a chuideoidh leis na daltaí tabhairt faoi thionscadal taighde agus foghlama i réimse na logainmneacha ina gceantar féin. Tá míniú beacht ar chéimeanna éagsúla an taighde ann, ó bhailiú an eolais go dtí leagan amach agus cur i láthair na dtorthaí
- Tá gluais idirghníomhach i bhfeidhm ar théacs na n-aonad chun focail dheacra a mhíniú. Má chuirtear an luchóg os cionn na bhfocal atá aibhsithe feicfear an t-aistriúchán Béarla i mbosca aníos
- Tá comhaid fuaime ag gabháil le cuid de na haonaid. Is codanna de chláir raidió *Sloinne agus Seoladh* atá sna comhaid fuaime seo. Tá athscríobh na gcodanna ar fáil freisin mar aon le ceisteanna do na daltaí

Beifear ag cur leis na hacmhainní amach anseo agus tá fáilte roimh aiseolas ó mhúinteoirí agus ó dhaltaí. Is féidir aiseolas a chur chuig an seoladh ríomhphoist **logainm@dcu.ie.**

Treoir don mhúinteoir faoi úsáid na n-acmhainní oideachais

- Tá na haonaid cuimsitheach agus mar sin ní bheidh deis ag ranganna idirbhliana tabhairt fúthu ar fad taobh istigh d'aon scoilbhliain amháin. Samhlaítear go dtógfaidh sé seachtain amháin (.i. trí rang Gaeilge) chun aonad amháin a dhéanamh
- Is fiú tosú le haonad a haon mar is réamhrá don ábhar é. Seachas sin is cuma faoin ord ina dtugtar faoi na haonaid eile

Torthaí foghlama

Cuimsíonn na hacmhainní gnéithe Gaeilge, staire agus tíreolaíochta den churaclam in éineacht.

Is iad na spriocanna is mó atá leis na hacmhainní iar-bhunscoile ná:

1. Léargas a thabhairt do na daltaí ar stair logainmneacha na hÉireann.
2. Léargas a thabhairt do na daltaí ar ghnéithe den tíreolaíocht trí na logainmneacha.
3. Léargas a thabhairt do dhaltaí ar ghnéithe den Ghaeilge trí na logainmneacha.
4. Spéis sa logainmneacha a spreagadh sna daltaí agus na daltaí a spreagadh agus a chumasú chun a gcuid taighde féin a dhéanamh ar logainmneacha ina gceantar féin.
5. Go mbeidh buneolas ag na daltaí ar mhíreanna coitianta a bhaineann le logainmneacha.

Eolas faoi na hacmhainní oideachais

Seo a leanas a bhfuil leagtha amach ag an Roinn Oideachais sna treoirlínte do scoileanna maidir le Gaeilge mar ábhar san idirbhliain:

Oideachas Teanga

Gaeilge

Tugann an Idirbhliain an deis chun béim bhreise a chur ar labhairt na teanga agus ar thimpeallachtaí foghlama a chruthú a thacaíonn leis an gcur chuige seo. I gcoitinne, chuideodh úsáid na dtionscadal le bonn a sholáthar le haghaidh cumarsáid bhéil agus scríofa, lena n-áirítear rannpháirtíocht i ndíospóireachtaí, i ndrámaí, i rince gaelach, in amhránaíocht amhrán traidisiúnta gaelach, i gcomórtais Ghaeilge, srl.

D'fhéadfaí aird ar leith a tharraingt ar thionscadail ar stair agus ar chultúr na hÉireann, agus ar chúrsaí reatha i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda. D'fhéadfaí na samplaí seo a leanas a áireamh:

- stair an cheantair;
- áiteanna lena mbaineann tábhacht stairiúil sa cheantar nó sa réigiún;
- eagraíochtaí nó imeachtaí áitiúla tábhachtacha;
- cláir theilifíse agus raidió as Gaeilge;
- Gaeilge agus na meáin eile;
- cainteanna agus plé sa seomra ranga sa Ghaeilge le daoine ó chúlraí éagsúla;
- cuairteanna ar an nGaeltacht mar aon le malartuithe le scoileanna.

Ba cheart go mbeadh spreagadh agus misniú ar léamh na Gaeilge mar aon le scríbhneoireacht chomhaimseartha mar cheann de na haidhmeanna.

Admhálacha

Is mian le Fiontar buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh linn na hacmhainní oideachais a chruthú agus a thástáil: an Brainse Logainmneacha, Raidió na Gaeltachta agus na múinteoirí seo a leanas: Adrian Ó Brádaigh (Scoil Dara, Cill Choca, Co. Chill Dara), Audrey Ní Shaillí (Scoil Dara, Cill Choca, Co. Chill Dara), Éamon Ó Maolmhichíl (Scoil Dara, Cill Choca, Co. Chill Dara), Antóin Ó Cléirigh (Gaelscoil Oilibhéir, Cluain Saileach, Co. Bhaile Átha Cliath) agus Aoife Ní Mhuirgheasa (Scoil na mBráithre Chríostaí, Durlas, Co. Thiobraid Árann).